



An Bhruiséil, 9 Feabhra 2024
(OR. en)

6180/24
ADD 1

FIN 119
PE-L 4

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	An Coiste um an mBuiséad	
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle	
Ábhar:	Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022	
	– <i>Glacadh</i>	
	– <i>Formheas litreach</i>	
IARSCRÍBHINN 1:	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)	4
IARSCRÍBHINN 2:	Gníomhaireacht Tacaíochta Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC).....	7
IARSCRÍBHINN 3:	Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA)	9
IARSCRÍBHINN 4:	An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE).....	12
IARSCRÍBHINN 5:	An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA)	15
IARSCRÍBHINN 6:	An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC)	17
IARSCRÍBHINN 7:	An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT).....	20

IARSCRÍBHINN 8:	An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA)	23
IARSCRÍBHINN 9:	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándaíl (ENISA).....	25
IARSCRÍBHINN 10:	Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA)	28
IARSCRÍBHINN 11:	An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA).....	31
IARSCRÍBHINN 12:	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)	34
IARSCRÍBHINN 13:	An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop).....	37
IARSCRÍBHINN 14:	An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).....	40
IARSCRÍBHINN 15:	An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA)	43
IARSCRÍBHINN 16:	An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE).....	45
IARSCRÍBHINN 17:	An tÚdarás Eorpach Saothair.....	48
IARSCRÍBHINN 18:	An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA)	51
IARSCRÍBHINN 19:	Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE).....	54
IARSCRÍBHINN 20:	An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF)	56
IARSCRÍBHINN 21:	An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA)	59
IARSCRÍBHINN 22:	An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound).....	62
IARSCRÍBHINN 23:	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust).....	65
IARSCRÍBHINN 24:	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA).....	68
IARSCRÍBHINN 25:	An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA)	71

IARSCRÍBHINN 26:	An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA)	74
IARSCRÍBHINN 27:	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA)	77
IARSCRÍBHINN 28:	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)	80
IARSCRÍBHINN 29:	An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)	84
IARSCRÍBHINN 30:	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL)	88
IARSCRÍBHINN 31:	An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA)	91
IARSCRÍBHINN 32:	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)	94
IARSCRÍBHINN 33:	Gníomhaireacht Soláthair Euratom (GSE)	97

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir
Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh
i leith chur chun feidhme bhuiséad
Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (athmhúnlú)¹, agus go háirithe Airteagal 35(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 158, 14.6.2019, lch. 22.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHOMHAR
IDIR RIALÁLAITHE FUINNIMH (ACER)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir le rialuithe inmheánacha na Gníomhaireachta agus na cumhachtaí arna dtarmligeán ag an nGníomhaireacht chuig oifigigh údarúcháin chun íocaíochtaí a fhorghníomhú. Aithníonn an Chomhairle freagra na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte agus is díol sásaimh di go bhfuil an Gníomhaireacht tiomanta bearta a dhéanamh chun rialuithe fóna inmheánacha a áirithiú, go háirithe méideanna tairsí a leagan síos maidir le húdarú íocaíochta in aghaidh an ordaithe íocaíochta.

Tugann an Chomhairle dá haire freisin gur tugadh 29.4 % de leithreasuithe faoi chomhair gealltanais oibríochtúla anonn go dtí 2023, agus aithníonn sí freagra na Gníomhaireachta, lena dtugtar mar údar leis an méid sin an caiteachas dothuartha a bhain le cásanna na Cúirte. Mar sin féin, meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé prionsabal na bliantúlachta a chomhlíonadh, agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht gníomhaíocht feabhais a dhéanamh trí bhíthin pleanáil níos fearr chun cásanna eile mar sin a chosc agus, ar an gcaoi sin, cur chun feidhme fóna a buiséid a ráthú amach anseo.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an

maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir

Ghníomhaireacht Tacaíochta Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid

Leictreonach (Oifig BEREC)

i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Tacaíochta Chomhlacht na Rialálaithe

Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC)

don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1971¹ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus an Ghníomhaireacht Tacaíochta do BEREC (Oifig BEREC), lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 agus go háirithe Airteagal 28(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 321, 17.12.2018, lch. 1.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Tacaíochta do BEREC (Oifig BEREC) don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear an ‘Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na hOifige don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi¹,

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin
Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa
i leith chur chun feidhme bhuiséad
Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91¹ ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 121(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 212, 22.8.2018, lch. 1

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Gníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT SÁBHÁILTEACHTA EITLÍOCHTA
AN AONTAIS EORPAIGH (EASA)

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle na laigí a thug an Chúirt faoi deara i gcórais bhainistíochta na Gníomhaireachta le haghaidh nósanna imeachta soláthair, chomh maith le heaspa dlíthiúlachta agus rialtachta na n-idirbheart gaolmhar. Tathantaíonn an Chomhairle ar an nGníomhaireacht na bearta ceartaitheacha is gá a dhéanamh, go háirithe chun an Rialachán Airgeadais a urramú go hiomlán, chun cásanna eile mar sin a chosc amach anseo.

Tugann an Chomhairle dá haire freisin an easpa rian iniúchóireachta maidir le táillí agus muirir a bailíodh, agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht an méid sin a leigheas agus na seiceálacha agus na doiciméid iomchuí a chur i bhfeidhm.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin
an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh
i leith chur chun feidhme bhuiséad
an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún¹, agus go háirithe Airteagal 64(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 331, 15.12.2010, lch. 12.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an tÚdarás’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Údaráis don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Údaráis ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Údaráis chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚIL A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON ÚDARÁS BAINCÉIREACHTA EORPACH (ÚBE)

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Údaráis mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Údaráis, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir le laigí i nósanna imeachta soláthair an Údaráis, go háirithe ag an gcéim mheastóireachta agus céim roghnaithe na dtairgeoirí, mar a raibh forluí ann idir na critéir dhámhachtana agus na critéir roghnúcháin. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil an tÚdarás tiomanta a áirithiú go ndréachtófar na critéir ar bhealach níos fearr chun deireadh a chur le haon débhríocht eile a d'fhéadfadh a bheith ann agus iarrann sí ar an Údarás bearta breise a dhéanamh chun líon na n-earráidí comhchosúla a laghdú amach anseo.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an

maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta

Eorpaí Ceimiceán

i leith chur chun feidhme bhuiséad

na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán

don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún¹, agus go háirithe Airteagal 97(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi¹,

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin
an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde
i leith chur chun feidhme bhuiséad
an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún¹, agus go háirithe Airteagal 64(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 331, 15.12.2010, lch. 48.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an tÚdarás’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Údaráis don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Údaráis ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thabhairt atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Údaráis chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON ÚDARÁS EORPACH UM ÁRACHAS AGUS PINSIN CHEIRDE
(ÚEÁPC)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Údaráis mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Údaráis, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle na laigí a thug an Chúirt faoi deara i gcórais bhainistíochta agus rialaithe an Údaráis le haghaidh nósanna imeachta soláthair, chomh maith le heaspa dlíthiúlachta agus rialtachta na n-idirbheart gaolmhar. Tathantaíonn an Chomhairle ar an Údarás na bearta ceartaitheacha is gá a dhéanamh, go háirithe chun an Rialachán Airgeadais a urramú go hiomlán, chun cásanna eile mar sin a chosc amach anseo.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir
na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht
i leith chur chun feidhme bhuiséad
na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/819 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (athmhúnlú)¹,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 189, 28.5.2021, lch. 61.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar na cuntais ioncaim agus chaiteachais na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear an ‘Institiúid’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na hInstitiúide don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh na freagraí ón Institiúid ar na barúlacha ón gCúirt léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na hInstitiúide chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na hInstitiúide i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON INSTITIÚID EORPACH UM NUÁLAÍOCHT AGUS
TEICNEOLAÍOCHT (EIT)

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na hInstitiúide mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na hInstitiúide, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire nár nocht an Institiúid ina tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an ráta earráide a d'eascair as an iniúchadh *ex post* don bhliain 2021 agus iarrann sí ar an Institiúid an méid sin a leigheas.

Is oth leis an gComhairle nach bhfuil na rialuithe *ex ante* is gá ag an Institiúid, rud a thagann salach ar a Rialachán Airgeadais agus a fhágann go bhfuil baol ann sa chás seo go n-íocfaidh an Institiúid méideanna míchearta leis na conraitheoirí. Is díol sásaimh don Chomhairle tionscnamh na hInstitiúide maidir le feabhas a chur ar a córais rialaithe chun rioscaí breise a chosc.

Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir leis na laigí i mbainistiú buiséadach na hInstitiúide, go háirithe forghníomhú déanach íocaíochtaí agus neamhchomhlíonadh an Rialacháin Airgeadais a mhéid a bhaineann le leithreasuithe a údarú sula dtéitear i mbun gealltanais dhlíthiúla. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Institiúid tiomanta athbhreithniú a dhéanamh ar a próisis bainistithe deontas, agus tathantaíonn sí ar an Institiúid cosc a chur ar earráidí den chineál céanna amach anseo.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin
na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí
i leith chur chun feidhme bhuiséad
na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear an Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí¹, agus go háirithe Airteagal 19(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 208, 5.8.2002, lch. 1.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin
Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil
i leith chur chun feidhme bhuiséad
Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 526/2013¹, agus go háirithe Airteagal 31(12) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 151, 7.6.2019, lch. 15.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándaíl don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚIL A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM
CHIBEARSHLANDÁIL (ENISA)

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle na laigí athfhillteacha a thug an Chúirt faoi deara i gcórais bhainistíochta agus rialaithe na Gníomhaireachta le haghaidh nósanna imeachta soláthair, chomh maith le heaspa dlíthiúlachta agus rialtachta na n-idirbheart gaolmhar. Tathantaíonn an Chomhairle ar an nGníomhaireacht na bearta ceartaitheacha is gá a dhéanamh, go háirithe chun an Rialachán Airgeadais a urramú go hiomlán agus chun nósanna imeachta inmheánacha, treoirlínte agus rian iniúchóireachta a chur ar bun maidir le meastóireacht a dhéanamh ar thairiscintí. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Gníomhaireacht tiomanta bearta feabhais a dhéanamh chun a nósanna imeachta a fheabhsú a thuilleadh chun rioscaí den chineál céanna a sheachaint amach anseo.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin
Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh
i leith chur chun feidhme bhuiséad
Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004¹, agus go háirithe Airteagal 65(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 138, 26.5.2016, lch. 1.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS

**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT IARNRÓID AN AONTAIS EORPAIGH (ERA)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir leis na rioscaí a bhaineann le rannpháirtíocht na Gníomhaireachta i gcur chun feidhme SUMMA, córas nua buiséadach, cuntaíocht agus airgeadais, mar chóras píolótach chun an córas a fhorbairt don Choimisiún. Maidir le lochtanna an chórais, luann an Gníomhaireacht na moilleanna suntasacha ar fhorghníomhú íocaíochtaí agus ar eisiúint nótaí dochair. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar an nGníomhaireacht straitéis bainistithe agus rialaithe riosca a chur i bhfeidhm chun SUMMA a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán leis an Rialachán Airgeadais, agus dul i dteagmháil leis an gCoimisiún chun tacaíocht a fháil trí bhíthin réitigh leordhóthanacha agus phráinneacha chun aghaidh a thabhairt ar laigí an chórais.

Is díol inní don Chomhairle an easpa beartais agus na lochtanna atá ann a mhéid a bhaineann le faisnéis íogair a aicmiú agus a chosaint, chomh maith leis an mbailíochtú doiciméad arna dhéanamh ag comhaltaí na gcoistí meastóireachta, rud a lagaíonn creat rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta. Mar sin féin, is díol sásaimh don Chomhairle iarrachtaí na Gníomhaireachta bearta ceartaitheacha a chur chun feidhme.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin
an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí
i leith chur chun feidhme bhuiséad
an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún¹, agus go háirithe Airteagal 64(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 331, 15.12.2010, lch. 84.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an tÚdarás’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Údaráis don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Údaráis ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Údaráis chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON ÚDARÁS EORPACH UM URRÚIS AGUS MARGAÍ (ESMA)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Údaráis mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Údaráis, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir le laigí i mbainistiú buiséid an Údaráis, inar mhó luach conarthaí sonracha ná luach an chreatchonartha, agus is díol sásaimh di na gníomhaíochtaí atá déanta cheana ag an Údarás chun a chóras rialaithe inmheánaigh a threisiú chun na rioscaí sin a sheachaint amach anseo.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin
Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis
i leith chur chun feidhme bhuiséad
Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis
don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE¹, agus go háirithe Airteagal 86 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 170, 12.5.2021, lch. 69.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM AN gCLÁR
SPÁIS (EUSPA)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle na laigí a shainaithin an Chúirt i bpróiseas meastóireachta na Gníomhaireachta ó thaobh soláthair de. Cé go n-aithníonn an Chomhairle freagra na Gníomhaireachta, iarrann sí ar an nGníomhaireacht gníomhaíocht feabhais a dhéanamh, i gcomhréir iomlán leis an Rialachán Airgeadais, chun cásanna eile mar sin a chosc amach anseo.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin
an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna
i leith chur chun feidhme bhuiséad
an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle¹, agus go háirithe Airteagal 15(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 30, 31.1.2019, lch. 90.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear an ‘Lárionad’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Fondúireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Lárionaid ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Lárionaid ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Lárionaid i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON LÁRIONAD EORPACH UM FHORBAIRT NA GAIRMOILIÚNA
(Cedefop)

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Lárionaid mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Lárionaid, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is díol sásaimh don Chomhairle an ghníomhaíocht a rinne an Lárionad tar éis bharúil na Cúirte maidir leis na laigí a sainaithníodh sna lamháltais a deonaíodh trí dhearmad do na saineolaithe náisiúnta ar iasacht, agus is díol sásaimh di go bhfuil an Lárionad tiomanta rialacha a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm chun cásanna eile mar sin a sheachaint amach anseo.

Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir leis an tslí mhícheart ar cuireadh an modh ríomha i bhfeidhm maidir lena bhuiséad i ndáil le ranníocaíocht na hIorua agus na hÍoslainne le buiséad an Lárionaid do 2022 agus iarrann sí ar an Lárionad an méid sin a leigheas. Tugann an Chomhairle dá haire freisin nach ann don tsaincheist ann a thuilleadh ó 2023 ar aghaidh i ngeall ar theacht i bhfeidhm an leasaithe ar Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí sonracha lasmuigh de na ceithre shaoirse.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir
an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú
i leith chur chun feidhme bhuiséad
an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú¹, agus go háirithe Airteagal 23(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 142, 30.4.2004, lch. 1.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear an ‘Lárionad’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Lárionaid don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Lárionaid ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Lárionaid ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir an Lárionaid i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS

**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON LÁRIONAD EORPACH UM GHALAIR A CHOSC AGUS A RIALÚ
(ECDC)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Lárionaid mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Lárionaid, agus go bhfuil an t-ioncam is bonn leis na cuntais do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha.

Is oth leis an gComhairle, áfach, tuairim choinníollach na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bonn leis na cuntais do 2022, go háirithe neamhchomhlíonadh rialacha an Rialacháin Airgeadais maidir le hincháilitheacht chostais CBL do thairbhíthe ar údaráis sláinte poiblí iad, arna rialú leis an dlí poiblí. Is oth leis an gComhairle freisin ábharthacht na n-idirbheart íocaíochta comhfhreagrach le haghaidh CBL neamh-incháilithe, arb ionann é agus 2.8 %.

Cé go n-aithníonn an Chomhairle freagra an Lárionaid, iarrann sí ar an Lárionad aghaidh a thabhairt ar bharúil na Cúirte trí bhearta feabhais a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán leis an Rialachán Airgeadais, chomh maith le reachtaíocht náisiúnta i réimse an chánachais, agus cásanna eile mar sin a chosc. Mura ndéanfaí é sin, dhéanfaí dochar do leasanna airgeadais an Aontais, tríd an Lárionad a nochtadh do rioscaí clú agus dlíthiúla.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin
an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia
i leith chur chun feidhme bhuiséad
an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta maidir le cúrsaí sábháilteachta bia¹, agus go háirithe Airteagal 44(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an tÚdarás’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Údaráis don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Údaráis ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Údaráis chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir
na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne
i leith chur chun feidhme bhuiséad
na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le hInstitiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a bhunú¹, agus go háirithe Airteagal 15(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear an ‘Institiúid’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na hInstitiúide don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh na freagraí ón Institiúid ar na barúlacha ón gCúirt léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na hInstitiúide chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na hInstitiúide i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS

**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON INSTITIÚID EORPACH UM CHOMHIONANNAS INSCNE (EIGE)**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na hInstitiúide mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na hInstitiúide, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle neamhrialtacht na hInstitiúide maidir le híocaíochtaí faoin gcatagóir costais ‘caiteachas gan choinne’ a áirítear i gconarthaí agus sonraisc shonracha, ach nach raibh coinne leo ar dtús sa chreatchonradh. Tugann an Chomhairle dá haire gníomhaíocht feabhais na hInstitiúide, go háirithe leasú ar an gcreatichonradh lena sainítear céatadáin an bhuiséid agus cuspóir na húsáide don chaiteachas gan choinne sin.

Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis inní di barúil na Cúirte maidir le mainneachtain thromchúiseach i mbainistiú doiciméad na hInstitiúide, go háirithe caillteanas tairisceana faoi chuimsiú nós imeachta soláthair, rud a d’fhág go raibh an nós imeachta agus idirbhearta ina dhiaidh sin neamhrialta. Cé go n-aithníonn an Chomhairle feasacht na hInstitiúide agus a measúnú pras ar an easnamh sin sa rialú inmheánach, iarrann sí ar an Institiúid bearta breise a dhéanamh chun cásanna mar sin a chosc amach anseo.

Is oth leis an gComhairle na laigí sa bhainistiú inmheánach agus sa rialú inmheánach a shainaithin an Chúirt maidir le trédhearcacht bhuiséadach i leith bhord bainistíochta na hInstitiúide agus i leith páirtithe leasmhara eile. Is díol sásaimh don Chomhairle, áfach, go bhfuil an Institiúid tiomanta bearta feabhais a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar laigí sa rialú inmheánach.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin
an Údaráis Eorpaigh Saothair
i leith chur chun feidhme bhuiséad
an Údaráis Eorpaigh Saothair
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344¹, agus go háirithe Airteagal 28(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 186, 11.7.2019, lch. 21.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntas ioncaim agus chaiteachais an Údaráis Eorpaigh Saothair don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an tÚdarás’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Údaráis don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Údaráis ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Údaráis chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON ÚDARÁS EORPACH SAOTHAIR (ESO)

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Údaráis mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Údaráis, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle na laigí córasacha a shainaithin an Chúirt maidir leis an easpa rialuithe *ex ante* agus *ex post* agus an rian iniúchóireachta a bhaineann le liúntais a íoctar le saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus le hoifigigh náisiúnta idirchaidrimh, chomh maith leis na laigí i réimse an bhainistithe conarthaí. Is díol sásaimh don Chomhairle tionscnamh an Údaráis bearta ceartaitheacha a dhéanamh agus iarrann sí ar an Údarás a chórais rialaithe a fheabhsú a thuilleadh, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, chun cásanna mar sin a chosc.

Tugann an Chomhairle dá haire neamhchomhlíonadh an Údaráis leis an Rialachán Airgeadais i nósanna imeachta soláthair, rud a fhágann go bhfuil neamhrialtacht ann maidir le dámhachtain an chonartha, agus aithníonn sí gníomhaíocht feabhais an Údaráis.

Iarrann an Chomhairle ar an Údarás cloí leis an bprionsabal trédhearcachta riachtanach maidir lena bhuiséad a fhoilsiú agus tugann sí dá haire gníomhaíocht feabhais an Údaráis.

Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis inní di gur tugadh 65 % de leithreasuithe faoi chomhair gealltanais anonn go dtí 2023, agus meabhraítear di a thábhachtaí atá sé prionsabal na bliantúlachta a chomhlíonadh, agus iarrann sí ar an Údarás gníomhaíocht feabhais a dhéanamh, go háirithe trína phleanáil agus bainistiú buiséid a fheabhsú.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin
na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí
i leith chur chun feidhme bhuiséad
na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 ina leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht ar tháirgí míochaine lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach¹, agus go háirithe Airteagal 68(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 136, 30.4.2004, lch. 1.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACHT LEIGHEASRA EORPACH (EMA)

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is cúis mhór inní don Chomhairle foléas iaráitribh na Gníomhaireachta i Londain, agus cumas na Gníomhaireachta a hoibleagáidí a bhaineann le maoin a áirithiú, go háirithe a mhéid a bhaineann le hinréiteacht an tionónta reatha. Tathantaíonn an Chomhairle ar an nGníomhaireacht leanúint de réiteach dlíthiúil a lorg ar an gcás, lena gcainníochtaítear an cás i dtéarmaí oibleagáid airgeadais ag EUR 366 mhilliún faoi mhí an Mheithimh 2039.

Tugann an Chomhairle dá haire na laigí a braitheadh i mbainistiú sócmhainní na Gníomhaireachta, go háirithe an easpa liostaí fardail iomlána agus nuashonraithe, de shárú ar an Rialachán Airgeadais, agus is díol sásaimh di iarrachtaí na Gníomhaireachta gníomhaíocht feabhais a dhéanamh trí threoir inmheánach nuashonraithe a chur ar fáil chun fardal sócmhainní a bhainistiú agus trí phlean rollach maidir le seiceálacha fisiceacha a ghlacadh, chomh maith le cur chuige rioscabhunaithe a ghlacadh maidir le lipéadú.

Ar deireadh, is oth leis an gComhairle na laigí a sainaithníodh i mbainistiú buiséadach na Gníomhaireachta, go háirithe gealltanais dlíthiúil amháin a rinneadh gan gealltanais buiséadach a bheith údaraithe roimh ré. Cé go n-admhaíonn an Chomhairle go bhfuil an Gníomhaireacht tiomanta bearta a chur i bhfeidhm ionas nach dtarlóidh cásanna mar sin arís, iarrann sí ar an nGníomhaireacht a bainistiú buiséadach agus seiceálacha rialaithe inmheánaigh a neartú a thuilleadh.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an

maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Riaracháin

Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

i leith chur chun feidhme bhuiséad

Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE')¹, agus go háirithe Airteagal 94(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 283, 31.10.2017, lch. 1.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntas ioncaim agus chaiteachais Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘OIPE’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla OIPE don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí OIPE ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad OIPE ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin OIPE i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir
na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna
i leith chur chun feidhme bhuiséad
na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1339/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear Fondúireacht Eorpach Oiliúna (athmhúnlú)¹, agus go háirithe Airteagal 17(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 354, 31.12.2008, lch. 82.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Fhondúireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Fondúireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Fondúireachta ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Fondúireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Fondúireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON FHONDÚIREACHT EORPACH OILIÚNA (ETF)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Fondúireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Fondúireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle an laige a thug an Chúirt faoi deara i nósanna imeachta soláthair, go háirithe na nósanna imeachta meastóireachta neamhrialta agus na conarthaí a eascraíonn astu, agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá don Fhondúireacht a córas bainistithe agus rialaithe a neartú, i gcomhréir iomlán leis an Rialachán Airgeadais.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin
na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair
i leith chur chun feidhme bhuiséad
na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCOMHAIRLE an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle¹, agus go háirithe Airteagal 16(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚIL A GHABHANN LEIS

**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACHT EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT AGUS
SLÁINTE AG AN OBAIR (EU-OSHA)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle an laige a thug an Chúirt faoi deara i mbainistiú buiséadach na Gníomhaireachta, go háirithe a mhéid a bhaineann le cistí a shaoradh agus leithreasuithe a thabhairt anonn, agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá don Ghníomhaireacht a córas bainistithe agus rialaithe a neartú, i gcomhréir iomlán leis an Rialachán Airgeadais.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin
an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú
i leith chur chun feidhme bhuiséad
an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle¹, agus go háirithe Airteagal 16(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 30, 31.1.2019, lch. 74.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear an ‘Foras’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Fhorais don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Lárionaid ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Fhorais chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Fhorais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS

**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON FHORAS EORPACH CHUN DÁLAÍ MAIREACHTÁLA AGUS OIBRE
A FHEABHSÚ (Eurofound)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Fhorais mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Fhorais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire na laigí a thug an Chúirt faoi deara i nósanna imeachta soláthair, go háirithe maidir le measúnú, agus iarrann sí ar an bhFondúireacht a córas bainistithe agus rialaithe a neartú, i gcomhréir iomlán leis an Rialachán Airgeadais.

Admhaíonn an Chomhairle an laige a shainaithin an Chúirt agus na bearta feabhais a rinne an Fhondúireacht a mhéid a bhaineann le híocaíochtaí le daoine faoi oiliúint agus iarrann sí ar an bhFondúireacht a rialuithe inmheánacha a fheabhsú a thuilleadh chun cásanna mar sin a sheachaint amach anseo.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin
Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil
i leith chur chun feidhme bhuiséad
Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB¹ ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin, agus go háirithe Airteagal 63(11) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 295, 21.11.2018, lch. 138.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais don bhliain airgeadais 2022 agus ar chlár comhardaithe an 31 Nollaig 2022 Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil, dá ngairtear ‘Eurojust’ anseo feasta, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla Eurojust don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí Eurojust ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad Eurojust chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Riaracháin Eurojust i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHOMHAR
CEARTAIS CHOIRIÚIL (Eurojust)

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla Eurojust mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais Eurojust, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle go ndearna Eurojust íocaíochtaí in 2022 a bhaineann le nós imeachta soláthair a mheas an Chúirt a bheith neamhrialta in 2020. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar Eurojust bearta feabhais ceartaitheacha a chur i bhfeidhm agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh na nósanna imeachta soláthair an Rialachán Airgeadais go hiomlán.

Thairis sin, tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir leis na rioscaí a eascraíonn as rannpháirtíocht Eurojust i bhforbairt chóras buiséadach agus cuntasafóichta nua an Choimisiúin, SUMMA. Cé go n-admhaíonn an Chomhairle na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag Eurojust faoi láthair, is oth léi go raibh níos mó ná leath de na híocaíochtaí a rinneadh in 2022 déanach, rud a chuir Eurojust i mbaol ó thaobh airgeadais agus clú de. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar Eurojust straitéis bainistithe agus rialaithe riosca a chur i bhfeidhm chun SUMMA a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán leis an Rialachán Airgeadais, agus dul i dteagmháil leis an gCoimisiún chun tacaíocht a fháil trí bhíthin réitigh leordhóthanacha agus phráinneacha chun aghaidh a thabhairt ar laigí an chórais.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin
Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha
i leith chur chun feidhme bhuiséad
Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha¹, agus go háirithe Airteagal 21(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 53, 22.2.2007, lch. 1.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Gníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA
BUNÚSACHA (FRA)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire an bharúil ón gCúirt maidir le tabhairt anonn córasach 27 % de leithreasuithe faoi chomhair gealltanais go 2022. Cé go admhaíonn an Chomhairle gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta chun feabhas a chur ar a pleanáil buiséid, meabhraítear don Chomhairle, don dara bliain, a thábhachtaí atá sé prionsabal na bliantúlachta a chomhlíonadh, agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht gníomhaíocht feabhais a dhéanamh chun cásanna eile mar sin a chosc agus chun cur chun feidhme fóna a buiséid a ráthú.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin
na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil
i leith chur chun feidhme bhuiséad
na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus an Gréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaoil (leagan códaithe)¹, agus go háirithe Airteagal 13(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 126, 21.5.2009, lch. 13.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚIL A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACHT EORPACH COMHSHAOIL (EEA)

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire torthaí agus barúlacha na Cúirte maidir le soláthar agus bainistiú conarthaí a mbíonn íocaíochtaí neamhrialta mar thoradh orthu, agus is díol sásaimh di nós imeachta nua na Gníomhaireachta, lena ndéantar creatchonradh nua a dhámhachtain le haghaidh seirbhísí deisithe, cothabhála agus athchóirithe foirgneamh.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúirthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta
Eorpaí um Rialú ar Iascach
i leith chur chun feidhme bhuiséad
na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear an Gníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (códaithe)¹, agus go háirithe Airteagal 45(11) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 83, 25.3.2019, lch. 18.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS

**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACTH EORPACH UM RIALÚ AR IASCACH (EFCA)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire barúil na Cúirte nach gcomhlíonann an Gníomhaireacht forálacha an Rialacháin Airgeadais maidir le tréimhse na gcreatchonarthaí. Admhaíonn an Chomhairle freagra na Gníomhaireachta ar bharúil na Cúirte agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht gníomhaíocht feabhais a dhéanamh chun cásanna mar sin a chosc.

Admhaíonn an Chomhairle freisin freagra na Gníomhaireachta ar bharúil na Cúirte lena dtugtar aghaidh ar roinnt laigí i gcóras pleanála agus bainistíochta na Gníomhaireachta, a bhaineann le seoladh nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré. Iarrann an Chomhairle ar an nGníomhaireacht bearta forlíontacha a ghlacadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán na rialacha soláthair.

Agus aird á tabhairt aici ar na laigí a sainaithníodh i bpróisis earcaíochta na Gníomhaireachta, go háirithe an easpa riain iniúchóireachta, is díol sásaimh don Chomhairle an beart ceartaitheach a chuir an Gníomhaireacht i bhfeidhm.

Is oth leis an gComhairle an ráta ard tabhairt anonn agus tugann sí rabhadh i gcoinne neamhchomhlíonadh phrionsabal buiséadach na bliantúlachta. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar an nGníomhaireacht bearta feabhais a dhéanamh chun cásanna eile mar sin a chosc agus cur chun feidhme fóna a buiséid a ráthú amach anseo.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin
Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann
i leith chur chun feidhme bhuiséad
Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010¹, agus go háirithe Airteagal 55(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 468, 30.12.2021, lch. 1.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS

**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM THEARMANN**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle an bharúil a thug an Chúirt arís agus arís eile, a rinneadh cheana féin in 2017 agus 2020, maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart a bhaineann le nósanna imeachta soláthair a chomhlíonadh, chomh maith leis na híocaíochtaí ba thoradh orthu a forghníomhaíodh in 2022, ar measadh iad a bheith neamhrialta. Tugann an Chomhairle dá haire freisin lochtanna soláthair eile, i gcás nach léiríonn an Ghníomhaireacht go bhfuil an Rialachán Airgeadais ná an ‘luach is fearr ar airgead’ á gcomhlíonadh aici ina ceannacháin, agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh chun cásanna eile mar sin a chosc.

Tugann an Chomhairle dá haire barúil na Cúirte maidir le bainistiú buiséadach i ndáil le ranníocaíochtaí ó thíortha comhlachaithe Schengen le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a ríomh, chomh maith le freagra na Gníomhaireachta. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle ar an nGníomhaireacht dul i dteagmháil leis an gCoimisiún, atá freagrach as tuilleadh treoir chothrománach a chur ar fáil do chomhlachtaí an Aontais maidir leis an mbealach a bhféadfar ranníocaíochtaí ó thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach a ríomh go comhsheasmhach.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an

maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin

Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais

Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais

i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú

Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus

Ceartais

don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011¹, agus go háirithe Airteagal 47(12) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 295, 21.11.2018, lch. 99.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS

**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH CHUN BAINISTIÚ
OIBRÍOCHTÚIL A DHÉANAMH AR CHÓRAIS MHÓRSCÁLA TF SA LIMISTÉAR
SAOIRSE, SLÁNDÁLA AGUS CEARTAIS (eu-LISA)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil an ioncam is bonn leis na cuntais do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha.

Is oth leis an gComhairle, áfach, tuairim cháilithe na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bonn leis na cuntais, go háirithe a mhéid a bhaineann le híocaíochtaí faoi chonarthaí sonracha a imíonn go suntasach ón gcreatchonradh bunúsach chomh maith le híocaíochtaí athfhillteacha faoi chonarthaí a fuarthas a bheith neamhrialta sa bhliain roimhe sin. Is oth leis an gComhairle freisin barúlacha eile na Cúirte maidir le neamhchomhlíonadh agus ábharthacht.

Tugann an Chomhairle dá haire barúil na Cúirte maidir le moilleanna ar chur chun feidhme an chórais dul isteach/imeachta agus a dtionchar ar oibríochtaí na Gníomhaireachta.

Maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe na Gníomhaireachta, is oth leis an gComhairle an easpa comhlíontachta leis na rialacha airgeadais, go háirithe maidir le forghníomhú íocaíochta nach gcomhlíonann forálacha conarthaí sonracha, chomh maith le soláthar agus bainistiú creatchonarthaí.

Maidir le bainistiú buiséadach, is oth leis an gComhairle na rátaí arda athfhillteacha maidir le tabhairt anonn, a thagann salach ar phrionsabal buiséadach na bliantúlachta agus ar léiriú iad ar shaincheisteanna struchtúracha i bpróiseas an bhuiséid agus sa timthriall cur chun feidhme.

De bhrí gur minic a bhíonn neamhchomhlíonadh agus easnaimh i gcórais rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta a bhaineann le bainistiú soláthair, conarthaí agus buiséid, tathantaíonn an Chomhairle ar an nGníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar bharúlacha na Cúirte, go háirithe maidir le dlíthiúlacht agus rialacht na n-íocaíochtaí is bonn leis na cuntais, trí bhearta feabhais a chur chun feidhme.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin
na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta
i leith chur chun feidhme bhuiséad
na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624¹, agus go háirithe Airteagal 116(11) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 295, 14.11.2019, lch. 1.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachtaí Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS

**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACHT EORPACH UM AN nGARDA TEORANN
AGUS CÓSTA (Frontex)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle barúil na Cúirte maidir le deimhniú chuntais na Gníomhaireachta agus maidir le bailíochtú a córais cuntaisíochta, chomh maith leis na ranníocaíochtaí nár ríomhadh mar is ceart a thug tíortha atá i limistéar Schengen ach nach bhfuil san Aontas. Tá comhghaol idir an ceann deireanach sin agus barúil eile ón gCúirt maidir le bainistiú buiséadach. Cé go n-aithníonn an Chomhairle na hiarrachtaí atá déanta cheana ag an nGníomhaireacht, iarrann sí ar an nGníomhaireacht aon bhearta iomchuí a dhéanamh chun feabhas a chur ar a bainistiú buiséadach. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle ar an nGníomhaireacht dul i dteagmháil leis an gCoimisiún, atá freagrach as tuilleadh treoir chothrománach a chur ar fáil do chomhlachtaí an Aontais maidir leis an mbealach a bhféadfar ranníocaíochtaí ó thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach a ríomh go comhsheasmhach.

Tugann an Chomhairle dá haire barúil na Cúirte a bhaineann leis an ráiteas dearbhaithe ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin reatha na Gníomhaireachta.

Is oth leis an gComhairle rómheastachán na Gníomhaireachta ar mhuirir fhabhráithe maidir lena costais mhisin, chomh maith leis an easpa treoir fhoirmiúil nó nósanna imeachta foirmiúla chun a áirithiú go ndéantar muirir fhabhráithe a ríomh go comhsheasmhach, agus iarrann sí, dá bhrí sin, ar an nGníomhaireacht bearta feabhais a dhéanamh.

Maidir le barúlacha na Cúirte i ndáil le dlíthiúlacht agus rialtacht idirbheart a mhéid a bhaineann le Conradh Seirbhíse ar leith, tugann an Chomhairle dá haire go n-admhaíonn an Gníomhaireacht an neamhrialtacht agus iarrann sí uirthi bearta iomchuí a dhéanamh chun cásanna comhchosúla a sheachaint amach anseo.

Is oth leis an gComhairle freisin na heasnaimh i gcóras bainistíochta agus rialaithe na Gníomhaireachta, go háirithe maidir le rialuithe inmheánacha do chreatchonarthaí nach bhfuil dóthain fianaise nó míchruinnis iontu maidir leis na costais a tabhaíodh (e.g. seirbhísí taistil), agus na laigí suntasacha i nósanna imeachta earcaíochta na Gníomhaireachta. D'fhéadfadh siad sin an Gníomhaireacht a nochtadh do dhamáiste dá clú agus do rioscaí dlíthiúla. Dá bhrí sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an nGníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar bharúlacha na Cúirte maidir lena córas bainistithe agus rialaithe, go háirithe trí bhearta feabhais a chur chun feidhme i nósanna imeachta soláthair phoiblí atá ar na bacáin, chomh maith le próisis earcaíochta a reáchtálfar amach anseo.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin
Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí
i leith chur chun feidhme buiséad
Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2219 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2005/681/CGB ón gComhairle¹ agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin, agus go háirithe Airteagal 20(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 319, 4.12.2015, lch. 1.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACTH AN AONTAIS EORPAIGH UM OILIÚINT I
bhFORFHEIDHMIÚ AN DLÍ (CEPOL)

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil an ioncam is bonn leis na cuntais do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Is oth leis an gComhairle, áfach, tuairim cháilithe na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bonn leis na cuntais agus is oth léi na barúlacha maidir le neamhchomhlíonadh agus ábharthacht.

Maidir le bainistiú conarthaí na Gníomhaireachta, is oth leis an gComhairle an easpa comhlíontachta leis na rialacha airgeadais, go háirithe conarthaí sonracha arna bhforghníomhú ag baill foirne nó ag fostaithe nach bhfuil údarás tarmligthe dlíthiúil acu agus forghníomhú íocaíochta nach gcomhlíonann na forálacha conarthaí sonracha.

Tathantaíonn an Chomhairle ar an nGníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar bharúlacha sonracha na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bonn leis na cuntais, trí bhainistiú conarthaí agus rialú inmheánach a fheabhsú. Mura ndéanfaí é sin, dhéanfaí dochar do leasanna airgeadais an Aontais, tríd an nGníomhaireacht a nochtadh do rioscaí clú agus dlíthiúla, rioscaí lena ngabhfaidh tionchar airgeadais, b'fhéidir.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir
an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugáí
i leith chur chun feidhme bhuiséad
an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugáí
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugáí (athmhúnlú)¹, agus go háirithe Airteagal 15(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 376, 27.12.2006, lch. 1.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear an ‘Lárionad’ anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Lárionaid don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí an Lárionaid ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Lárionaid ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir an Lárionaid i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON LÁRIONAD FAIREACHÁIN EORPACH UM DHRUGAÍ AGUS UM
ANDÚIL I nDRUGAÍ (EMCDDA)

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Lárionaid mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Lárionaid, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire barúil na Cúirte lena dtugtar aghaidh ar shaincheist córais rialaithe maidir le híocaíochtaí déanacha ‘bréagacha’. Is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas an Lárionaid bearta feabhais a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar laigí ina chóras bainistithe agus rialaithe agus iarrann sí ar an Lárionad a nósanna imeachta a fheabhsú a thuilleadh chun rioscaí comhchosúla a sheachaint amach anseo.

Is oth leis an gComhairle na laigí a sainaithníodh i mbainistiú buiséadach an Lárionaid, ós rud é nár cumhdaíodh gealltanais dhlíthiúla údaraithe an Lárionaid go hiomlán le gealltanais bhuiséadacha, nó nach raibh gealltanais bhuiséadacha ann rompu, rud nach bhfuil i gcomhréir le Rialachán Airgeadais an Lárionaid. Cé go n-aithníonn sí an míniú ón Lárionad, iarrann an Chomhairle ar an Lárionad a bhainistiú buiséadach a neartú a thuilleadh chun cásanna mar sin a sheachaint amach anseo.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrtóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht
an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí
i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar
i bhForfheidhmiú an Dlí
don bhliain airgeadais 2022**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar
i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB,
2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle¹ agus a ghabhann ionad
na gCinntí sin, agus go háirithe Airteagal 60(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus
ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad
ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013,
(AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013,
(AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena
n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 135, 24.5.2016, lch. 53.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘Europol’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir leis na cuntais bhliantúla ó Europol don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh na freagraí ó Europol ar na barúlacha ón gCúirt léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad Europol chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH I nDÁIL LE
COMHAR I bhFORFHEIDHMIÚ AN DLÍ (Europol)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla Europol mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais Europol, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte agus iarrann sí ar Europol feabhas a chur ar chomhlíonadh a rialacha inmheánacha agus ar chomhlíonadh fhorálacha an Rialacháin Airgeadais, go háirithe maidir le ró-íocaíochtaí agus incháilitheacht CBL.

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE
an
maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt d’Ard-Stiúrthóir
na Gníomhaireachta Soláthair Euratom
i leith chur chun feidhme bhuiséad
na Gníomhaireachta Soláthair Euratom
don bhliain airgeadais 2022

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2008/114/CE, Euratom ón gComhairle an 12 Feabhra 2008 lena mbunaítear Reachtanna do Ghníomhaireacht Soláthair Euratom¹, agus go háirithe Airteagal 8(9) den Iarscríbhinn a ghabhann leis,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012², agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

¹ IO L 41, 15.2.2008, lch. 15.

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntas ioncaim agus caiteachais na Gníomhaireachta Soláthair Euratom don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi¹,

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt d’Ard-Stiúrthóir na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE
TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACHT SOLÁTHAIR EURATOM (GSE)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle barúil athfhillteach na Cúirte maidir le nósanna imeachta soláthair, go háirithe conarthaí ar luach íseal á ndámhachtain ag an nGníomhaireacht gan tuarascálacha meastóireachta comhfhreagracha agus cinntí dámhachtana comhfhreagracha, agus dá bhrí sin iarrann sí ar an nGníomhaireacht gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh i gcomhréir iomlán leis an Rialachán Airgeadais. Is díol sásaimh don Chomhairle gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta chun doiciméadú agus formheas na nósanna imeachta soláthair a áirithiú.
